Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10355/22**

**FISC 137**
**ECOFIN 632**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle Eorpach |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9873/1/22 REV 1 FISC 126 ECOFIN 576 CO EUR-PREP 19 |
| Ábhar: | Tuarascáil Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach |

1. Iarradh ar Chomhairle Ecofin tuarascáil a thabhairt don Chomhairle Eorpach maidir le saincheisteanna éagsúla cánach mar a luadh, go háirithe sna conclúidí uaithi ó mhí an Mhárta agus ó mhí an Mheithimh 2012, mí na Bealtaine 2013, mí na Nollaig 2014 agus Deireadh Fómhair 2017.

2. D'ullmhaigh agus d'fhormhuinigh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) dréacht-tuarascáil Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach an 2 Meitheamh 2022 lena cur faoi bhráid na Comhairle an 17 Meitheamh 2022 trí Coreper. Comhaontaíodh freisin go ndéanfadh an Ardrúnaíocht na gnáth nuashonruithe fíorasacha (codanna idir lúibíní cearnacha) tar éis chruinniú na Comhairle sula n-eiseofaí an leagan deiridh den tuarascáil.

3. D'fhormheas an Chomhairle (Ecofin) an tuarascáil mar mhír 'A' an 17 Meitheamh 2021. Mar a comhaontaíodh, rinne Ardrúnaíocht na Comhairle nuashonruithe fíorasacha sa tuarascáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a chuirfear ar fáil don Chomhairle Eorpach.

**IARSCRÍBHINN**

## TUARASCÁIL ECOFIN CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA CÁNACH

1. Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ón gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle le linn thréimhse Uachtaránacht na Fraince, chomh maith le forléargas ar an staid mar atá i ndáil leis na sainchomhaid is tábhachtaí atá faoi chaibidil i réimse an chánachais. Ullmhaíodh í ar bhonn an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) lena gcumhdaítear saincheisteanna beartais chothrománacha cánach atá ábhartha ar bhonn straitéiseach, i gcomhréir lena sainordú.

2. Léirítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hobair ábhartha na Comhairle agus cumhdaítear inti na saincheisteanna a luaitear i gconclúidí éagsúla ón gComhairle Eorpach ó 2012 i leith[1], an ráiteas ó Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 25 Márta 2021[2], Conclúidí 2012[3] agus 2016[4] ón gComhairle i réimse CBL, na Conclúidí 2017 ón gComhairle maidir le 'Freagairt do dhúshláin chánachais ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh'[5], na Conclúidí 2020 ón gComhairle maidir le forbairt an chomhair riaracháin amach anseo i réimse an chánachais san Aontas Eorpach[6], mar aon leis na conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2020 maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth seo an téarnaimh, dúshláin chánach a ghabhann leis an digiteáil agus dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin[7].

[1] EUCO 4/3/12 REV 3 (pointí 9 agus 21), EUCO 76/12, EUCO 75/1/13 REV 1, EUCO 14/17 (pointe 11), EUCO 10/20 (pointí A29 agus 147) agus EUCO 13/20.
[2] 18/21.
[3] 9586/12.
[4] 9494/16.
[5] 15175/17.
[6] 8482/20.
[7] 13350/20.

3. I ndiaidh phaindéim COVID-19, agus filleadh ar chruinnithe de chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, ar cruinnithe i bpearsa iad, lean Uachtaránacht na Fraince den obair ar phríomhchomhaid, lena n-áirítear trasuí an dara colún de Chreat-Ráiteas Cuimsitheach ECFE maidir le réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair, athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, todhchaí CBL agus nuashonruithe ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, chomh maith le mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach. I bhfianaise fhogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin, le rannpháirtíocht chomhpháirteach na Bealarúise, bhí plé freisin ag Uachtaránacht na Fraince maidir le feabhas a chur ar chur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais trí úsáid níos fearr a bhaint as comhar riaracháin sa réimse cánach agus ionstraimí eile forfheidhmithe cánach.

4. Go sonrach, rinne an Chomhairle an méid seo a leanas:

   a) rinne sí dul chun cinn maith chun teacht ar chomhaontú i ndáil leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas;

   b) ghlac sí an Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rátaí cánach breisluacha;

   c) d’fhormheas sí Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an phacáiste ríomhthráchtála CBL;

   d) thug sí dá haire an tuarascáil ón Uachtaránacht ar dhul chun cinn maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú); agus

   e) chuir sí tús leis an scrúdú ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc.

5. Lean an Mheitheal um an gCód Iompair (cánachas gnó) freisin dá cuid oibre maidir leis na hábhair éagsúla a thagann faoina sainordú reatha, lena n-áirítear maidir le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, mar a leagtar amach sa tuarascáil sé mhí uaithi[8]. Thug an Chomhairle liosta an Aontais cothrom le dáta an uair dheireanach an 24 Feabhra 2022[9]. Tá eolas níos mionsonraithe faoi chomhaid aonair ar fáil thíos.

## A. TIONSCNAIMH I RÉIMSE DHLÍ CÁNACH AN AONTAIS

### a) Cánachas corparáide

*i. Dúshláin a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair*

*–Íosleibhéal domhanda cánachais do ghrúpaí ilnáisiúnta de chuid an Aontais (‘Colún 2’)*

6. An 8 Deireadh Fómhair 2021, tháinig Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (‘an Creat Cuimsitheach’) ar chomhaontú i dtaca le hathchóiriú a dhéanamh ar na rialacha idirnáisiúnta maidir le cáin a ghearradh ar bhrabúis na bhfiontar ilnáisiúnta. Chuir Ballstáit uile an Aontais in iúl go dtacaíonn siad leis an Ráiteas maidir le Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair. Sna conclúidí uaithi an 27 Samhain 2020, chuir an Chomhairle a tacaíocht leanúnach in iúl d’obair an Chreata Chuimsithigh.

7. An cánachas íosta éifeachtach, arb é ‘Colún Dó’ é, tá sé bunaithe ar dhá phríomhriail (‘rialacha GloBE’) – an riail um chuimsiú ioncaim (IIR) agus an riail maidir le híocaíocht faoi thearc-cháin (UTPR) – atá ceaptha chun a áirithiú go ngearrfar cáin ar ráta éifeachtach 15 % ar a laghad ar na brabúis a dhéanann grúpaí ilnáisiúnta a bhfuil láimhdeachas nach lú ná EUR 750 milliún acu. De réir Ráiteas mhí Dheireadh Fómhair den Chreat Cuimsitheach, ba cheart do Cholún a Dó teacht i bhfeidhm in 2023. Ba cheart do UTPR teacht i bhfeidhm freisin in 2024.

[8] 9295/22 + COR 1 + ADD 1-9.
[9] IO C 413I, 12.10.2021, lch.1.

8. Chun a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme rialacha GloBE comhsheasmhach agus comhréireach le dlí an Aontais, thíolaic an Coimisiún Eorpach, an 22 Nollaig 2021, togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas Eorpach de léiriú i gcoitinne, le hoiriúnuithe áirithe ar dhlí an Aontais, ar na rialacha samhla a glacadh leis an gCreat Cuimsitheach an 14 Nollaig 2021.

9. Ag an am céanna, táthar ag leanúint den obair ar chur chun feidhme tráthúil éifeachtach na rialacha maidir le cearta cánachais a leithdháileadh idir dlínsí ('Colún a hAon'), chun coinbhinsiún iltaobhach ('CIT') a fhorbairt.

10. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra le haghaidh Treorach an 23 Márta 2022. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 19 Bealtaine 2022.

11. An 18 Eanáir 2022, bhí díospóireacht bheartais ag Comhairle (ECOFIN) maidir leis an togra le haghaidh Treorach, chun treoir pholaitiúil a chur ar fáil maidir leis an scrúdú teicniúil ar an téacs. Léiríodh sa díospóireacht go gcomhaontaíonn na Ballstáit uile gur tosaíocht í an tsaincheist chánachais seo agus nach mór na rialacha arna gcomhaontú ag Creat Cuimsitheach ECFE a thrasuí i ndlí an Aontais ar an mbealach is dílse is féidir agus a luaithe is féidir.

12. Ó thús mhí Eanáir 2022, agus an treoir ó na hairí á cur san áireamh, thionóil Uachtaránacht na Fraince naoi gcruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (cánachas díreach, lena n-áirítear trí chruinniú ardleibhéil) inar díríodh ar an scrúdú teicniúil ar an togra le haghaidh Treorach. A bhuí leis na cruinnithe sin, bhíothas in ann, go háirithe, an téacs a ailíniú go suntasach le rialachas samhla ECFE agus na príomh-shaincheisteanna atá le réiteach a shainaithint ar an leibhéal polaitiúil chun teacht ar chomhaontú maidir leis an téacs ar fad.

13. Ag cruinniú den Chomhairle (ECOFIN) an 15 Márta 2022, thacaigh formhór na mBallstát leis an téacs comhréitigh atá beartaithe ag Uachtaránacht na Fraince. D'iarr dhá Bhallstát go ndéanfaí coigeartú ar pharaiméadair an mhaolaithe idirthréimhsigh dá bhforáiltear in Airteagal 47a den Treoir. Chuir Ballstát amháin in iúl nach mbeadh sé in ann a thoiliú a thabhairt in éagmais nasc dlíthiúil le teacht i bhfeidhm Cholún 1, agus tá forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte ag Ballstát eile.

14. Agus an plé sin á chur san áireamh, rinne an Uachtaránacht an téacs comhréitigh a choigeartú trí na forálacha roghnacha idirthréimhseacha a shonrú agus trí shoiléiriú breise a dhéanamh ar na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar na grúpaí ilnáisiúnta a bhfuil a máthairchuideachta deiridh bunaithe i mBallstát a roghnaíonn gan IIR agus UTPR a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach (Airteagal 47a). Thairis sin, shoiléirigh an Uachtaránacht tuilleadh na hoibleagáidí an treoir a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta trí aithris 14b a chur léi. Ar deireadh, baineadh an forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte a bhí ag Ballstát amháin.

15. Maidir leis an nasc idir an dá cholún agus seasaimh na mBallstát á gcur san áireamh, mhol an Uachtaránacht go gcuirfí ráiteas ón gComhairle leis an Treoir lena ndeimhneofaí rannpháirtíocht na mBallstát uile sa phlé leanúnach laistigh den Chreat Cuimsitheach maidir le Colún a hAon, i gcomhréir leis an amchlár don chur chun feidhme a formheasadh i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé agus d'iarr ar na Páirtithe eile an gealltanas sin a urramú. Pléadh an comhad ag na cruinnithe a bhí ag Comhairle Ecofin i mí Aibreáin agus i mí an Mheithimh ar chuir na Ballstáit uile, seachas ceann amháin, in iúl lena linn go raibh siad in ann tacú leis an téacs comhréitigh agus leis an dréachtráiteas ón gComhairle[10].

*ii.* *Mí-úsáid eintiteas caoch*

16. An 22 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (an togra maidir le mí-úsáid eintiteas caoch)[11].

[10] 10497/22.
[11] 15296/21.

17. Is é cuspóir an togra seachaint cánach agus imghabháil cánach a chosc trí ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu, agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Is é is aidhm don togra dul i ngleic le mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach míchuí agus a áirithiú nach bhféadfaidh cuideachtaí caocha san Aontas nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch acu nó a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch íosta acu tairbhe a bhaint as buntáistí cánach.

18. An 6 Eanáir 2022, sa Mheitheal Ardleibhéil, cuireadh an togra faoi bhráid na dtoscaireachtaí agus d'fhógair an Uachtaránacht go raibh sé ar intinn aici tús a chur leis an bplé sa Chomhairle maidir leis an gcomhad sin. Rinneadh an anailís theicniúil ar an togra sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas díreach) an 11 Márta, an 1 Aibreán, an 6 Bealtaine, an 23 Bealtaine agus an 9 Meitheamh 2022. Tugadh an chéad bhabhta den scrúdú ar an togra, airteagal ar airteagal, chun críche an 23 Bealtaine. I bprionsabal, thacaigh formhór na dtoscaireachtaí le cuspóirí an togra, ach beidh gá le tuilleadh obair theicniúil thábhachtach sula bhféadfaí teacht ar chomhaontú.

*iii.* *<u>Liúntas um Chlaontacht Fiachais-Cothromais a Laghdú (DEBRA)</u>*

19. An 11 Bealtaine 2022, d'eisigh an Coimisiún a thogra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le rialacha a leagan síos i dtaca le liúntas um chlaontacht fiachais-cothromais a laghdú agus i dtaca le hin-asbhainteacht úis a theorannú chun críoch cánach ioncaim corparáidí. Is é is aidhm don togra cur i gcoinne dreasacht cánach a bheith ag cuideachtaí infheistíochtaí a mhaoiniú trí fhiachas seachas cothromas, i ngeall ar an deis a bheith ag cuideachtaí ús a ghabhann le maoiniú fiachais a asbhaint, ach ní na costais a bhaineann le maoiniú cothromais.

20. Cuireadh an togra i láthair na Meithle um Cheisteanna Cánach an 10 Meitheamh 2022.

**b) Cáin Bhreisluacha (CBL)**

21. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le linn théarmaí na hUachtaránachta roimhe seo[12], lean Uachtaránacht na Fraince den obair i réimse CBL, agus thug sí aird ar leith ar na torthaí ar theacht i bhfeidhm phacáiste ríomhthráchtála CBL. Tá eolas níos mionsonraithe ar fáil thíos.

*i.* *Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme phacáiste ríomhthráchtála CBL*

22. I mí na Nollag 2017, ghlac an Chomhairle an pacáiste r-thráchtála CBL, ina bhfuil treoir agus dhá rialachán, lena leagtar amach rialacha nua chun na bacainní ar dhíolacháin trasteorann ar líne a shárú agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as córais CBL i ndáil le ciandíol earraí agus le coinsíneachtaí ar luach íseal a allmhairiú. Cuireadh leis na rialacha sin ag deireadh na bliana 2019 le leasú ar an Treoir maidir le CBL agus ar Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle, ionas go dtiocfadh na rialacha nua i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021. Ach i ngeall ar phaindéim COVID-19 agus ar na himthosca deacra a d’eascair as sin, cuireadh siar go dtí an 1 Iúil 2021 an dáta óna mbeadh feidhm ag na bearta nua.

23. Ag an am céanna, i dTeachtaireacht uaidh in 2020 maidir le Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cánachas Cothrom agus Simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh[13], d’fhógair an Coimisiún tionscnamh dar teideal ‘CBL san aois dhigiteach’ agus é mar aidhm leis na rialacha maidir le geilleagar na comhroinnte a thabhairt cothrom le dáta, bogadh i dtreo clárúcháin CBL aonair san Aontas, oibleagáidí tuairiscithe CBL a nuachóiriú agus ríomhshonrascadh a éascú.

24. Chun an staid mar atá a mheas, thionól an Uachtaránacht an Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach/CBL) an 31 Eanáir 2022 chun plé a dhéanamh ar an staid mar atá maidir le cur chun feidhme an phacáiste r-thráchtála CBL agus chun breis oibre a dhéanamh sa réimse sin. Ar bhonn an phlé sin, chuir an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar sin faoi bhráid na dtoscaireachtaí.

---

[12] Féach mar shampla 15082/18, pointí 30 go 111; 10322/18, pointí 56 go 100.
[13] 9844/20.

25. Scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach/CBL) na dréacht-Chonclúidí sin ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Feabhra 2022 agus chuir sí téacs faoi bhráid na Meithle um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal), a tháinig ar chomhaontú maidir leis an téacs ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Feabhra 2022. Ina dhiaidh sin, ghlac an Chomhairle na conclúidí ag an gcruinniú a bhí aici an 15 Márta 2022[14].

*ii.* *Córas cinntitheach CBL*

26. Mar obair leantach ar a Phlean Gníomhaíochta CBL – *Towards a single EU VAT Area* [I dtreo limistéar CBL aonair san Aontas Eorpach] an 7 Aibreán 2016, mhol an Coimisiún cur chuige reachtach dhá chéim don chóras cinntitheach CBL[15]. Pléadh an comhad sa Chomhairle faoi Uachtaránacht na Rómáine, na Fionlainne, na Cróite agus na Gearmáine.

27. Aontaíonn na Ballstáit go bhfuil gá fós le hanailís chríochnúil theicniúil a dhéanamh ar an gcomhad sula ndéanfar na roghanna beartais deiridh. Mar a léirigh an Chomhairle cheana féin[16], is é an bealach is fearr leanúint de bheith ag díriú ar phríomhghnéithe an togra ón gCoimisiún agus ar an anailís ar roghanna na mbeart tionlacain. Ba cheart leanúint den obair bhreise ar an gcóras cinntitheach CBL gan cosc nó moill a chur ar na hiarrachtaí feabhas a chur ar an gcóras CBL reatha.

*iii.* *Athchóiriú Rátaí CBL*

28. An 18 Eanáir 2018, d’eisigh an Coimisiún togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rátaí cánach breisluacha[17]. Ba é cuspóir an togra reachtaigh seo rialacha a thabhairt isteach maidir le rátaí CBL a shocrú ar fud an Aontais, le héifeacht ó theacht i bhfeidhm socruithe cinntitheacha i ndáil le cáin a ghearradh ar thrádáil idir na Ballstáit.

[14] 7104/22.
[15] Rinneadh cur síos níos mionsonraithe ar an gcur chuige seo i dtuarascálacha roimhe seo, mar shampla 9970/21, pointí 25-31.
[16] 9970/21, pointí 32 go 39.
[17] 5335/18.

29. Go bunúsach, mhol an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

i) leasú a dhéanamh ar rialacha an Aontais maidir le rátaí laghdaithe CBL a shocrú (e.g. deireadh a chur leis na forálacha idirthréimhseacha reatha lena gceadaítear maolú sealadach ar na rialacha ginearálta; athbhreithniú a dhéanamh ar Airteagal 98 den Treoir maidir le CBL);

ii) níos mó saoirse a thabhairt do na Ballstáit agus rátaí CBL á socrú acu (mar sin féin, bheadh ar na Ballstáit a áirithiú gur mó ná 12 % a meánráta ualaithe CBL tráth ar bith);

iii) liosta diúltach d'earraí agus seirbhísí a thabhairt isteach nach ceadmhach rátaí laghdaithe a chur i bhfeidhm orthu (in áit an liosta dhearfaigh atá ann faoi láthair).

30. Scrúdaíodh an togra ón gCoimisiún le linn Uachtaránacht na Bulgáire, na Rómáine, na Fionlainne, na Cróite, na Gearmáine agus na Portaingéile.

31. An 7 Nollaig 2021, faoi Uachtaránacht na Slóivéine, ghlac Comhairle Ecofin cur chuige ginearálta maidir leis an togra le hathruithe substaintiúla ar an togra ón gCoimisiún. Áiríodh leis an téacs a comhaontaíodh liosta dearfach na n-earraí agus na seirbhísí ar féidir rátaí laghdaithe a chur i bhfeidhm ina leith, bíodh is go bhfuil roinnt eilimintí nua agus modhnuithe ann chun an liosta a thabhairt cothrom le dáta agus a nuachóiriú, chomh maith le roinnt clásal éagtha d'earraí atá díobhálach don chomhshaol. Ina theannta sin, baineadh amach léi cothromaíocht chúramach idir rochtain chomhionann a thabhairt ar mhaoluithe atá ann cheana agus leathadh rátaí laghdaithe agus díolúintí lena ngabhann inasbhainteacht CBL ar ionchur a chosc.

32. Tar éis teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta, chuathas i gcomhairle athuair le Parlaimint na hEorpa mar gheall ar na difríochtaí suntasacha idir an téacs a comhaontaíodh ag Comhairle Ecofin agus an togra ón gCoimisiún ar chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ina leith ar dtús. An 9 Márta 2022,thug Parlaimint na hEorpa a tuairim nua uaithi maidir leis an gcomhad.

33. Glacadh an téacs, tar éis bailchríoch dhlítheangeolaíoch a bheith curtha air, ag an gcruinniú a bhí ag Comhairle Ecofin an 5 Aibreán 2022. Foilsíodh an Treoir ina dhiaidh sin san Iris Oifigiúil an 6 Aibreán 2022[18].

[18] IO L 107, 6.4.2022, lch. 1.

*iv.* *An Coiste um CBL*

34. An 18 Nollaig 2020, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun brí na dtéarmaí a úsáidtear i bhforálacha áirithe den Treoir sin a chinneadh[19] ('An Treoir maidir leis an gCoiste um CBL'). De réir an Choimisiúin, is é cuspóir an togra cur i bhfeidhm níos aonfhoirmí reachtaíocht CBL an Aontais a áirithiú. Chuige sin, mhol an Coimisiún coiste coisteolaíochta a bhunú a chuideodh leis an gCoimisiún bearta cur chun feidhme ceangailteacha a ghlacadh trí vótáil trí thromlach cáilithe. Dar leis an gCoimisiún, d'fhágfadh sin go mbeadh an próiseas cinnteoireachta níos éifeachtúla agus nach mbeadh ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ceisteanna léirmhíniúcháin a réiteach chomh minic sin.

35. Le linn an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach) sa chéad seimeastar 2021, cé go bhféadfadh na Ballstáit tacú le cuspóir foriomlán an togra, go ginearálta, chuir a lán toscaireachtaí a bhforchoimeádais in iúl, go háirithe maidir le cumhacht a aistriú ón gComhairle chuig an gCoimisiún agus bogadh i dtreo vótáil trí thromlach cáilithe. Bhí roinnt toscaireachtaí den tuairim gur féidir an córas atá ann faoi láthair a fheabhsú, eadhon trí níos mó tograí le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme ón gComhairle atá bunaithe ar Airteagal 397 den Treoir maidir le CBL a thíolacadh.

*v.* *Síneadh ar shásra aistrithe táillí CBL*

36. An 10 Feabhra 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún togra chun síneadh a chur le tréimhse cur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach do chalaois agus le tréimhse cur i bhfeidhm an tSásra Frithghnímh Mhear in aghaidh na calaoise CBL.

37. Is é cuspóir an togra síneadh a chur leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit, mar atá in Airteagal 199a den Treoir maidir le CBL, an sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm – lena gceadaítear do na Ballstáit faighteoir an tsoláthair a ainmniú mar an duine inchánach maidir le CBL – chun calaois a chomhrac agus chun an deis an Sásra Frithghnímh Mhear a leagtar amach in Airteagal 199b den treoir chéanna a úsáid chun calaois a chomhrac i gcásanna sonracha.

[19] 14293/20.

38. Rinneadh an togra a scrúdú sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach, agus bhíothas sásta leis an togra tríd is tríd. Chomhaontaigh na toscaireachtaí síneadh bliana a chur leis an tréimhse a bheartaítear don síneadh, i.e. go dtí an 31 Nollaig 2026.

39. D'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus an Parlaimint na hEorpa a dtuairimí maidir leis an togra an 23 Márta agus an 3 Bealtaine 2022 faoi seach.

40. Ina dhiaidh sin, ghlac an Chomhairle an téacs reachtach, ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, ag an gcruinniú a bhí aici an 3 Meitheamh 2022.

*vi.* *An naoú tuarascáil ón gCoimisiún maidir le nósanna imeachta clárúcháin, bailiúcháin agus rialaithe CBL*

41. Gach 3 bliana, tíolacann an Coimisiún tuarascáil ar na nósanna imeachta clárúcháin, bailithe agus rialaithe CBL de bhun Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle, agus é mar aidhm léi nósanna imeachta riaracháin CBL éifeachtúla agus éifeachtacha a chothú chun teorainn a chur le caillteanais ioncaim.

42. An 7 Aibreán 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún an naoú tuarascáil uaithi, a chumhdaíonn an tréimhse ó 2016 go dtí 2019, agus ina dhiaidh sin chuir sé an tuarascáil i láthair ag an Meitheal Ardleibhéil an 12 Bealtaine 2022, inar thug na toscaireachtaí dá n-aire í.

**(c) Dleachtanna máil**

*i.* *Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh (ETD)*

43. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)[20], ('togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh').

[20] 10872/21.

44. Is cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' é an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[21], arb é is aidhm dó spriocanna uaillmhianacha an Aontais a chur chun feidhme, is é sin laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030 le hais leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is éard atá sa phacáiste sraith de thograí idirnasctha, ar tograí iad uile a spreagann an sprioc chéanna; aistriú cóir, iomaíoch agus glas a áirithiú faoi 2030 agus ina dhiaidh sin. Is éard atá sa phacáiste raon réimsí beartais agus earnálacha eacnamaíocha: an aeráid, fuinneamh agus breoslaí, iompar, foirgnimh, úsáid talún agus foraoiseacht[22].

45. Tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

– creat oiriúnaithe a sholáthar a rannchuidíonn le spriocanna 2030 an Aontais agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is éard a bheadh i gceist leis sin an cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a chuirfeadh le hiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí an Aontais;

– creat a chur ar fáil lena gcaomhnaítear agus lena bhfeabhsaítear margadh inmheánach an Aontais trí raon feidhme na dtáirgí fuinnimh agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach; agus

– an acmhainneacht ioncam a ghiniúint do bhuiséid na mBallstát a chaomhnú.

46. Is é tuairim an Choimisiúin go mbainfí na cuspóirí sin amach trí aistriú ó chánachas bunaithe ar mhéid go cánachas bunaithe ar luach an fhuinnimh, trí rangú rátaí a thabhairt isteach i gcomhréir lena bhfeidhmíocht chomhshaoil agus trí dhreasachtaí úsáide breosla iontaise a theorannú. De réir an rangaithe sin, is ag an ráta is airde a ghearrfar cáin ar bhreoslaí iontaise traidisiúnta, ar nós ola, gáis agus peitril, agus ag an ráta is ísle ar leictreachas.

[21] 10849/21.

47. An 11 Meán Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil[23] maidir leis an meastóireacht ar ETD, inar cuireadh in iúl nach gcuireann na rialacha atá ann faoi láthair le creat rialála nua an Aontais ná leis na cuspóirí beartais i réimse na haeráide agus an fhuinnimh. An 5 Nollaig 2019, d'fhormheas an Chomhairle (Ecofin) Conclúidí maidir le creat an Aontais i ndáil le cánachas fuinnimh[24], lena leagtar béim ar an ról tábhachtach atá ag comhchuibhiú an chánachais fuinnimh trí bhíthin an EDT chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Ina theannta sin, thacaigh an Chomhairle le nuashonrú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil maidir le cánachas fuinnimh a chuirfidh le cuspóirí beartais eacnamaíoch agus comhshaoil an Aontais i gcoitinne. Sna conclúidí sin, iarradh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaí measúnú iomlán ar na tograí i dtéarmaí a gcostas agus a dtairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Mar chuid den ullmhú a rinne sé don togra maidir le ETD, rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí[25].

48. An 20-21 Iúil 2021, ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil um Cheisteanna Cánach a bhí tiomanta don ábhar Dúshláin amach anseo i réimse an chánachais, bhí deis ag na toscaireachtaí a dtuairimí tosaigh a chur in iúl maidir le ról an chánachais san aistriú glas le linn an tseisiúin oibre Gnéithe cánach an Chomhaontaithe Ghlais. An 22 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún an togra maidir le ETD i gCoiste na mBuanionadaithe (Cuid 2).

49. Seoladh an plé teicniúil sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach – Dleachtanna máil/cánachas fuinnimh) an 9 Meán Fómhair 2021 nuair a thíolaic an Coimisiún an togra agus an measúnú tionchair araon.

50. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 23 Meán Fómhair 2021, chuir Uachtaránacht na Slóivéine na toscaireachtaí ar an eolas faoi staid na himeartha, faoin obair a bhí beartaithe, agus faoin rún a bhí aici gach a bhféadfaí a dhéanamh ar an gcomhad sin a dhéanamh le linn a téarma oifige.

51. Leanadh den scrúdú teicniúil ar an togra – airteagal ar airteagal – sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach – Dleachtanna Máil/Cánachas Fuinnimh) an 6 Deireadh Fómhair, an 20 Deireadh Fómhair, an 15 Samhain agus an 24 Samhain 2021. Cuireadh an chéad bhabhta den anailís ar na hairteagail go léiri gcrích an 24 Samhain 2021.

[23] 12153/19.
[24] 14608/19.
[25] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12227-Revision-of-the-Energy-Tax-Directive-/public-consultation_ga.

52. Le linn an scrúdaithe ar an togra, cuireadh roinnt mhaith ceisteanna faoi ghnéithe éagsúla den togra, amhail aistriú ó chánachas bunaithe ar mhéid an fhuinnimh go luach an fhuinnimh, tabhairt isteach rangú rátaí de réir feidhmíocht chomhshaoil, cáin a ghearradh ar tháirgí nua, innéacsú, na hearnálacha eitlíochta agus muirí, chomh maith le naisc le comhaid eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

53. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 25 Samhain 2021, chuir Uachtaránacht na Slóivéine na toscaireachtaí ar an eolas faoi thorthaí na hoibre agus faoin dul chun cinn a rinneadh maidir leis an sainchomhad, agus i gcomhthéacs an phacáiste 'Oiriúnach do 55' freisin. An 7 Nollaig 2021, mar mhír 'A', thug an Chomhairle (Ecofin) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir le tograí le haghaidh an phacáiste Oiriúnach do 55 a láimhseáil Comhairle Ecofin, lena n-áirítear an togra maidir le ETD[26].

54. Ag an Meitheal Ardleibhéil an 6 Eanáir 2022, lean Uachtaránacht na Fraince leis an bplé maidir leis an athbhreithniú ar an togra maidir le ETD trí bhealach chun cinn a mholadh agus trína dhearbhú go bhfuil sí tiomanta dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcomhad sin. Rinneadh anailís theicniúil ar an togra ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach – Dleachtanna Máil/Cánachas Fuinnimh) an 10 Eanáir, an 11 Feabhra, an 10 Márta, an 8 Aibreán, an 2 Bealtaine agus an 1 Meitheamh 2022.

55. Chuimsigh an anailís an togra ina iomláine, tar éis don obair a bheith roinnte ina ceithre bhloc ábhar: (1) raon feidhme táirgí inchánach agus cur chuige maidir le luach fuinnimh, struchtúr rátaí ag deireadh na hidirthréimhse, foinsí inathnuaite fuinnimh; (2) íosleibhéil chánachais agus luach na gcatagóirí fioscacha, struchtúr na rátaí in 2023, idirthréimhsí agus innéacsú; (3) státchabhair agus iompar; (4) tionsclaíocht, talmhaíocht, iascaireacht agus teaghlaigh. Bunaithe ar an bplé a rinneadh ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach, thíolaic an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh páirteacha maidir le bloc a haon agus bloc a dó.

56. An 17 Meitheamh 2022, thug an Chomhairle (Ecofin) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra maidir le ETD[27].

---

[26] 14574/21.
[27] 9874/22.

*ii.* *Siopaí saor ó cháin i gcríochfort na Fraince de Thollán Mhuir nIocht*

57. An 16 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/118/CE agus Treoir (AE) 2020/262 maidir le siopaí saor ó cháin atá suite i gcríochfort na Fraince de Thollán Mhuir nIocht.

58. Ba é ba chuspóir don togra athoscailt siopaí saor ó cháin a údarú i gcríochfort na Fraince de Nasc Seasta Mhuir nIocht tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach.

59. Scrúdaigh an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe agus an Mheitheal um Cheisteanna Cánach an togra.

60. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Parlaimint na hEorpa a dtuairimí an 23 Feabhra agus an 9 Márta 2022 faoi seach.

61. Ina dhiaidh sin, ghlac Comhairle Ecofin an Treoir ag an gcruinniú a bhí aici an 5 Aibreán 2022. Foilsíodh an Treoir san Iris Oifigiúil ar an 6 Aibreán 2022.

**d) Cáin ar Idirbhearta Airgeadais (FTT)**

62. An 14 Feabhra 2013, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe i réimse na cánach ar idirbhearta airgeadais.

63. Ag an gcéim seo, leanann 10 mBallstát de bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe i réimse FTT: An Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn (dá ngairtear Ballstáit rannpháirteacha anseo feasta).

64. Rinneadh achoimre ar phríomhghnéithe na caibidlíochta atá ar siúl maidir leis an sainchomhad sin sa tuarascáil dheireanach ó Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach[28].

[28] 8891/20, pointí 67-70, 14863/19, pointí 104-110.

65. Mar a chuir an Chomhairle Eorpach in iúl ina conclúidí an 17 go dtí an 21 Iúil 2020[29] (pointe A29), *'Sna blianta atá amach romhainn, oibreoidh an tAontas i dtreo athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras acmhainní dílse agus tabharfaidh sé isteach acmhainní dílse nua. […] … oibreoidh an tAontas, le linn an chéad CAI eile, i dtreo acmhainní dílse eile a thabhairt isteach, agus d'fhéadfaí Cáin ar Idirbhearta Airgeadais a bheith mar chuid de sin*.' I ndáil leis sin, shoiléirigh an Coimisiún le déanaí[30] '*Más rud é go mbeidh comhaontú ann maidir leis an gCáin ar Idirbhearta Airgeadais seo, déanfaidh an Coimisiún togra chun ioncam ón gCáin seo ar Idirbhearta Airgeadais a aistriú chuig buiséad an Aontais mar acmhainn dhílis. Mura mbeidh aon chomhaontú ann faoi dheireadh 2022, déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar mheasúnuithe tionchair, acmhainn dhílis nua a mholadh, bunaithe ar Cháin nua ar Idirbhearta Airgeadais. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall na tograí sin a dhéanamh faoi mhí an Mheithimh 2024 ag féachaint lena dtabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2026.*'

## B. <u>COMHAR RIARACHÁIN</u>

*a)* *<u>Comhar riaracháin leis an Iorua i réimse CBL</u>*

66. An 26 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún Moladh faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle chun údarú a thabhairt don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise agus maidir le héilimh a aisghabháil i réimse na cánach breisluacha a leasú[31].

[29] EUCO 10/20.

[30] Féach rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2020 maidir leis an dréachtrialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go dtí 2027 (09970/2020 – C9-0409/2020-2018/0166(APP)), Dearbhú ón gCoimisiún maidir le hAcmhainn Dhílis bunaithe ar Cháin ar Idirbhearta Airgeadais a bhunú.

[31] 8461/22 + ADD 1.

67. Bheadh dhá aidhm leis an gcaibidlíocht atá beartaithe chun an Comhaontú idir an tAontas agus an Iorua maidir le comhar riaracháin, an comhrac in aghaidh na calaoise agus éilimh a aisghabháil[32] i réimse na cánach breisluacha a leasú:

a) uirlisí nua comhair leis an Iorua a chur ar fáil do na Ballstáit, a mhéid is féidir agus a mhéid is gá, atá comhchosúil leis na cinn a tugadh isteach i Rialachán 904/2010 le Rialachán (AE) 2018/1541, agus

b) na tagairtí dlíthiúla do Threoir 95/46/CE a thabhairt cothrom le dáta trí thagairtí do Rialachán (AE) 2016/679.

68. Leagtar amach tuilleadh sonraí sna dréacht-treoracha don chaibidlíocht, a chuirfear i gceangal leis an gCinneadh ón gComhairle.

69. Tar éis an chruinnithe a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach) an 2 Bealtaine 2022, d'fhéadfadh na toscaireachtaí uile tacú le substaint an dréacht-Chinnidh ón gComhairle agus na dtreoracha caibidlíochta, mar a mhol an Coimisiún.

70. Ghlac an Chomhairle Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht na hIorua chun an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, calaois a chomhrac agus éilimh a aisghabháil i réimse na cánach breisluacha a leasú, mar aon leis na treoracha caibidlíochta an 17 Meitheamh 2022[33].

[32] IO L 195, 1.8.2018, lch. 3.
[33] 8901/22 agus 9643/22.

*b) <u>Comhar riaracháin le tíortha eile nach tíortha den Aontas Eorpach iad i réimse CBL</u>*

71. Ag an gcruinniú den Mheitheal Ardleibhéil an 12 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún na toscaireachtaí ar an eolas maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

a) gnéithe den phlé leis an Ríocht Aontaithe a bhaineann le CBL i gcomhthéacs an Phrótacail maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a ghnóthú[34];

b) céim luath na dteagmhálacha turgnamhacha le húdaráis na hAstráile, Cheanada, na Nua-Shéalainne agus na Seapáine, maidir le deiseanna chun tuilleadh oibre a dhéanamh i dtreo comhair riaracháin i réimse CBL. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil na réamhchainteanna sin fós ar siúl leis an tSeapáin, mar, ag an bpointe seo, níor éirigh go maith leis an teagmháil leis an Astráil, le Ceanada ná leis an Nua-Shéalainn.

c) caibidlíocht le húdaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, ag féachaint do Mheabhrán Comhthuisceana neamhcheangailteach a thabhairt chun críche (creat comhoibrithe riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo idir an tAontas agus Daon-Phoblacht na Síne i réimse CBL)[35]. Thug an Coimisiún le fios go bhfuil an chaibidlíocht sin ar feitheamh faoi láthair.

[34] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.
[35] An 10 Márta 2021, d'fhormheas an Chomhairle, le roinnt barúlacha (CM 1978/21 LIMITE, le tuilleadh sonraí a leagtar amach in ST 6351/21 LIMITE) go rachadh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le húdaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, i bhfianaise Meamram Tuisceana neamhcheangailteach a thabhairt chun críche.

72. Meabhraítear, maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha a chaibidil agus a thabhairt i gcrích faoi dhlí an Aontais (amhail an Meabhrán Tuisceana thuasluaite), agus i gcomhréir le ceanglais an Chonartha ar an Aontas Eorpach (Airteagal 16(1) CAE go háirithe), go bhfuil sé de shaincheart ag an gComhairle i gcónaí beartais a cheapadh. Dá bhrí sin is faoin gComhairle atá sé measúnú a dhéanamh an chun leas an Aontais é dul i mbun plé den sórt sin (caibidlíocht) maidir le hionstraim neamhcheangailteach fhéideartha. Thairis sin, tar éis bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás C-660/13 (MoU na hEilvéise), chomhaontaigh Ard-Rúnaithe na Comhairle, an Choimisiúin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, in 2017, maidir leis na Socruithe le haghaidh ionstraimí neamhcheangailteacha[36]. Tá feidhm ag na Socruithe sin maidir leis na hionstraimí neamhcheangailteacha uile is cuma cén réimse beartais agus cé a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas sa chaibidlíocht leis an tríú páirtí nó na tríú páirtithe agus gan beann ar a n-ainmníocht nó ar a bhfoirm. Tuigtear go leanfaidh an Coimisiún de na Ballstáit a thabhairt cothrom le dáta go rialta maidir leis an dul chun cinn sa chaibidlíocht sin (lena n-áirítear maidir le teagmhálacha breise le tíortha nach tíortha den Aontas iad sa réimse seo), agus go bhfillfidh sé ar an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun údarú na Comhairle a lorg, i gcomhréir le dlí an Aontais, maidir le síniú na hionstraime neamhcheangailteacha thar ceann an Aontais.

c) <u>*Feabhas a chur ar chur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais trí úsáid a bhaint as ionstraimí beartais cánach*</u>

73. I bhfianaise fhogha na Rúise faoin Úcráin le rannpháirtíocht chomhpháirteach na Bealarúise, an 27 Aibreán agus an 25 Bealtaine 2022, bhí cruinnithe ag Uachtaránacht na Fraince leis an Meitheal um Cheisteanna Cánach chun scrúdú a dhéanamh ar roinnt beart a d'fhéadfadh na Ballstáit a shaothrú chun tacú le bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme agus a n-imchéimniú a chosc trí ionstraimí comhair chánach.

74. Ar an gcéad dul síos, thug na Ballstáit dá n-aire gur chuir gníomhaíochtaí na Rúise agus na Bealarúise isteach go mór ar thimpeallacht an chomhair le Cónaidhm na Rúise agus Poblacht na Bealarúise i réimse an chánachais faoi ionstraimí iltaobhacha agus déthaobhacha den dlí idirnáisiúnta.

75. Faoin athrú bunúsach ar na himthosca a d'eascair as na gníomhaíochtaí sin, chinn Ballstáit an Aontais scor de gach malartú faisnéise chun críoch cánach leis an dá thír sin.

[36] 15367/17.

76. Ar an dara dul síos, scrúdaigh na Ballstáit roinnt beart arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar úsáid an chomhair riaracháin agus ionstraimí eile i réimse na cánach i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na mbeart sriantach.

77. Chomhaontaigh na Ballstáit tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as malartuithe spontáineacha faisnéise maidir le daoine agus eintitis ainmnithe atá ar an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 agus maidir le clár sealadach comhair *ad hoc* a bhunú go neamhfhoirmiúil chun an plé ar chur chun feidhme na mbeart sriantach i réimse na cánach a éascú.

78. Phléigh Ballstáit an Aontais bearta eile a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacú le héifeachtúlacht bhearta sriantacha an Aontais, amhail an moladh go dtreiseofaí úsáid na n-iniúchtaí cánach maidir le daoine agus eintitis liostaithe, de réir mar is iomchuí, chomh maith le comhordú a dhéanamh ar fhaisnéis chánach agus ar scrúduithe cánach comhuaineacha ó Bhallstáit an Aontais faoi Chúnamh Frithpháirteach Riaracháin ECFE i gCúrsaí Cánach (MAC) chuig tríú tíortha agus faisnéis airgeadais arna malartú le tíortha Eorpacha nach bhfuil san Aontas a mheabhrú ar bhealach comhordaithe.

79. Ar deireadh, ba dhíol sásaimh do Bhallstáit an Aontais go dtabharfaí aird níos géire ar an bhféidearthacht aisíocaíochtaí cánach a rachadh chun tairbhe daoine nó eintiteas atá ar liosta na ndaoine atá faoi smachtbhannaí, nuair is féidir.

80. Déanfaidh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach faireachán ar thuilleadh forbairtí maidir leis na bearta thuas, lena n-áirítear an obair a dhéanfar laistigh den ardán sealadach a chruthaigh an Coimisiún an 3 Meitheamh 2022, i bhfoirm foghrúpa maidir le forfheidhmiú cánach laistigh den Tascfhórsa Freeze agus Seize.

81. Ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Bealtaine 2022, thug Coiste na mBuanionadaithe an obair sin dá aire.

*d)* *Clár Fiscalis don chomhar i réimse an chánachais*

82. Is é is aidhm don chlár Fiscalis tacú le húdaráis chánach feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, iomaíochas a chothú, calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac agus bailiú cánach a fheabhsú. An 28 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Chlár Fiscalis 2020[37] faoi bhráid na Meithle Ardleibhéil agus an 12 Bealtaine 2022 chuir an Coimisiún Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn Chlár Fiscalis 2021[38] faoi bhráid na Meithle Ardleibhéil. Tugtar forléargas sna tuarascálacha ar an dul chun cinn a baineadh amach sna blianta faoi seach leis an gclár Fiscalis, na príomhthorthaí, na saincheisteanna a tháinig chun cinn agus na ceachtanna a foghlaimíodh. Ba í 2021 an chéad bhliain inar cuireadh an clár Fiscalis nua chun feidhme faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

83. An 12 Bealtaine, chuir an Coimisiún an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas freisin maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha i gclár Fiscalis.

## C. COMHORDÚ NA mBEARTAS CÁNACH

Tugadh chun cinn obair thábhachtach i réimse chomhordú na mbeartas cánach (lasmuigh de raon feidhme reachtaíocht an Aontais i réimse na cánach), mar a leagtar amach thíos.

*a)* *An Mheitheal um an gCód Iompair (cánachas gnó)*

84. Tháinig an Mheitheal um an gCód Iompair le chéile an 24 Eanáir, an 27 Aibreán agus an 2 Meitheamh 2022; tionóladh an foghrúpa maidir le saincheisteanna inmheánacha/seachtracha an 14 Eanáir, an 2 agus an 7 Feabhra, an 16 agus an 31 Márta, an 5 Bealtaine agus an 18 Bealtaine 2022.

85. D'fhormheas an Chomhairle an t-athbhreithniú leathbhliantúil ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach an 24 Feabhra 2022, agus foilsíodh é san Iris Oifigiúil ar an 3 Márta 2022[39].

[37] 6009/22.
[38] 8383/22.
[39] IO C 413I, 12.10.2021, lgh. 1-4.

86. Cé is moite den ghnáthobair, a chumhdaítear ar bhealach níos leithne i dtuarascáil dhébhliantúil thiomnaithe na Meithle um an gCód Iompair, rinne Uachtaránacht na Fraince, i gcomhar le Cathaoirleach na Meithle, plé cothrománach ar roinnt gnéithe de phróiseas liostaithe an Aontais, lena n-áirítear an tionchar ar phróiseas liostaithe na nochtaí sna meáin agus Creat Cuimsitheach um BEPS de chuid ECFE maidir le Colún a Dó.

*b)* *A bhfuil ag titim amach ar bhonn idirnáisiúnta*

87. Cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas go rialta faoi fhorbairtí idirnáisiúnta ábhartha i réimse an bheartais cánach, go háirithe i ndáil le cruinnithe Airí Airgeadais G20 agus cruinnithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)/G20 maidir le BEPS. Leis an bplé rialta a rinneadh sa Mheitheal Ardleibhéil, mar aon le plé neamhfhoirmiúil ar leibhéal na nAirí i mí Mheán Fómhair 2021, cuireadh go mór leis an gcomhaontú deiridh ag Creat Cuimsitheach um BEPS de chuid ECFE/G20.

88. Tugadh saincheisteanna a bhaineann leis an Acht um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach de chuid na Stát Aontaithe (FATCA) ar aird na dtoscaireachtaí i mí Eanáir agus i mí an Mhárta 2022 nuair a chuir Uachtaránacht na Fraince an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoin staid mar atá maidir le FATCA agus phléigh sí an bealach chun cinn. I mí na Bealtaine, ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh le linn na dtéarmaí Uachtaránachta roimhe seo, bhí físchomhdháil neamhfhoirmiúil ag Uachtaránacht na Fraince le Seirbhís Ioncaim Inmheánach na Stát Aontaithe (IRS) agus leis an Roinn Státchiste maidir le FATCA, ag díriú ar cheist na Meiriceánaigh de thaisme, mar a thugtar uirthi, lena n-áirítear an fhadhb a bhaineann le tuilleadh treorach a fháil ón tSeirbhís Ioncaim Inmheánach agus ón Roinn Státchiste chun cosc a chur ar dhúnadh cuntas bainc na Meiriceánach de thaisme san Aontas. I mí an Mheithimh chuir Uachtaránacht na Fraince an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas maidir leis an gcruinniú sin. Tá teagmháil ar siúl ar bhonn leanúnach le húdaráis na Stát Aontaithe agus beartaítear tuilleadh cruinnithe neamhfhoirmiúla le contrapháirtithe na Stát Aontaithe.

*c)* *Cáin i réimsí neamhchánach (TINTA)*

89. An 19 Samhain 2013, chomhaontaigh an Mheitheal Ardleibhéil gur cheart forálacha cánach i gcomhaid neamhchánach as a dtagann aon athruithe ar dhlíthe cánach nó ar chleachtais riaracháin na mBallstát nó a mbeadh iarmhairtí eile acu ar chánachas teacht faoi 'sásra foláirimh neamhfhoirmiúil'. Tá an cur chuige córasach a bhaineann leis na cásanna sin a chur faoi bhráid na saineolaithe cánach, le tacaíocht ón Ardrúnaíocht, fós á áirithiú go dtugtar foláireamh do na Ballstáit go tráthúil, lena n-áirítear maidir le hidirbheartaíocht maidir le comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha. Ar na saincheisteanna a ndearna an Mheitheal Ardleibhéil faireachán orthu, áirítear: an treoir Eorpach atá beartaithe maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, an leasú atá beartaithe ar an rialachán maidir le bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha agus an leasú atá beartaithe ar an rialachán maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha, chomh maith leis an treoir atá beartaithe maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin, na conclúidí ón gComhairle maidir le malartuithe idirchultúrtha a threisiú sa spás Eorpach trí shoghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, agus tríd an ilteangachas sa ré dhigiteach, agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún REPowerEU: Gníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe.